AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 3

An Dé Deiridh

Joe Steve Ó Neachtain

Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 4

An Chéad Chló 2008
© Joe Steve Ó Neachtain 2008

ISBN 978-1-905560-37-0

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail
Dearadh clúdaigh: Abigail Bolt
Obair Ealaíne: Pádraig Reaney

Bord na Leabhar Gaeilge
Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Bhord na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.

an arts council chomhairle ealaíon

Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 5

i gcuimhne bhéil mo mhúinte,
a bhfuil a n-airneán anois ar shlí na fírinne

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 6

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 7

Clár

Claíocha	9
Ag Bleán	11
Déistean	12
Dóthain	14
Snag Breac	15
Somhairle	16
Cleithiúnas	17
Cinnireacht	20
Cogadh	21
Próiseas Síochána	22
Bunoscionn	23
Headage	24
Athrú	26
Ag Sleamhnú	27
Oisre	29
Hy Brasil	30
Raidió Gaeltachta	33
Súil Eile	35
Sólás	36
Rúndiamhair	38
An Faire	40
Comhbhrón	41
Clochmhóin	42
Bua	43
Crí Dhubh	44
Iománaí	46
Scor	47

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 8

Scaipeadh	48
Cill Éinde	50
Breithiúnas	51
Timpiste	53
Ardú Meanman	55
Corpoideachas	56
Simplí	59
Cathú	61
I ndiaidh na Féinne	64
Aimsir Chaite	66
Nóra Bheag	69
Mínádur	72
An Gaeilgeoir Mór	75
Inspioráid	78
Glao Cluaise	80
Fear an Phosta	81
Nan	82
Johnny	83
An Suibhneach	85
An Máistir	86
An Siopadóir	87
An tAmhránaí	90
Myles	92
Antoine	93
Bid	94
Cumadh	95
An Dé Deiridh	97

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 9

Claíocha

Go dtí mullach na Leice Rua
a théim,
nuair nach léir dhom
cé dar díobh mé,
nó go ndearcaim
na hiarsmaí is sine
de dhéantús lámh
mo chine.

Feicim rian gach glúin
dár imigh romham
i raon mo shúl,
de chlaíocha casta,
ag deighilt talamh cuir
ó rútaí raithní
sna garbhchríocha
atá idir fraoch
is feamainn.

Is mothaím col
le sliocht mo shleachta
a chuir cloch ar chloch
go síoraí seasta:
ag réabadh moghlaeir
le neart a ngéag
mar fhál don ghort
a chuir greim
ina mbéal.

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 10

Leagaim lámh le cion
ar chlaí
a bhfuil féasóg liath
le haois ar a aghaidh,
is mothaím giúin
ón nglúin a rinne:
nach n-iompaíonn nádúr
a chúl
le cine.

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 11

Ag Bleán

Shíl mé nach bhfeicfinn
an lá go deo,
gur rothaí rubair
a bheadh ar mo bhó,
gur síos i bpáipéar
a bhlífeadh sí bainne,
is mé fós ag srannadh
le moch na maidne.

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 12

Déistean

Gach ar chum tú ariamh
ní bhréagnódh
radharc na súl;
nuair a phreab
an gaiste,
d'athraigh dreach do chliú.
Níorbh ábhar gaisce
an seachmall
a chlaon do spéis.
Filíocht a rinne fear dhíot;
ní mianta gnéis.

Chaith tú mámh
na ndán
sa ngearradh díobh.
Gan sa t-aon hairt
ach drámh
an bhriseadh croí.
Mheall sí thú
chomh soineanta
le naíonán:
ní raibh cuileata ariamh
in ann ag cianán.

Nár léir dhuit
gur Dia bréige
a bhí siad a adhradh:
pócaí folamh
ar thob thú a thachtadh
le cuingir bláthanna,
físeán

AnDe?Deiridh:Layout 1 19/06/2012 15:23 Page 13

ag bleán t'fhaoistin,
mar a bheadh cneá
ag fágáil smál
ar áilleacht Mhín an Leá.